**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 103/2024**

**an 26 Aibreán 2024**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1929] [2024/1929]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/358 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ceanglais maidir le scóráil creidmheasa le haghaidh tionscadail sluachistiúcháin, praghsáil tairiscintí sluachistiúcháin, agus beartais agus nósanna imeachta bainistithe riosca ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 31bln (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2123 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'31blo. **32024 R 0358**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/358 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ceanglais maidir le scóráil creidmheasa le haghaidh tionscadail sluachistiúcháin, praghsáil tairiscintí sluachistiúcháin, agus beartais agus nósanna imeachta bainistithe riosca (IO L, 2024/358, 22.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/358/oj).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/358 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 27 Aibreán 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 30/2024 ó Chomhchoiste LEE an 2 Feabhra 2024 ([2]), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 70/2024 ó Chomhchoiste LEE an 15 Márta 2024 ([3]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L, 2024/358, 22.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/358/oj.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) IO L , 2024/1518, 27.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1518/oj.
([3]) IO L , 2024/1594, 4.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1594/oj.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Aibreán 2024.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN